COUR DE JUSTICE
DE L'UNION EUROPÉENNE

PREASEISIÚINT Uimh. 58/23
Lucsamburg, 31 Márta 2023

# Tiocfaidh leasuithe tábhachtacha ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta i bhfeidhm an 1 Aibreán

*Leis na leasuithe sin, leanfaidh an Chúirt Ghinearálta de chóras ceartais nua-aimseartha agus éifeachtúil a chur chun cinn*

Leasaigh an Chúirt Ghinearálta a **Rialacha Nós Imeachta** chun an tairbhe is mó a bhaint as am na Cúirte, go háirithe trí fhorálacha áirithe a shoiléiriú nó a shimpliú. Freagraíonn na leasuithe sin do riachtanais áirithe freisin, amhail an fhéidearthacht leas a bhaint as físchomhdháil le haghaidh na n-éisteachtaí. Cabhraítear freisin le láimhseáil réamhghníomhach na gcásanna agus cuirtear san áireamh forbairtí sa reachtaíocht maidir le cosaint sonraí pearsanta daoine nádúrtha.

Ghlac an Chúirt Bhreithiúnais leis na leasuithe molta agus rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh iad a fhormheas [1].

Ina theannta sin, rinne an Chúirt Ghinearálta leasuithe ar na **Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm a Rialacha Nós Imeachta** [2].

**Cé na hathruithe atá i gceist?**

Leis na **leasuithe** ar na Rialacha Nós Imeachta, déantar **forálacha áirithe a shoiléiriú, a fhorlíonadh nó a shimpliú**. Go háirithe, cuirtear teorainn leis na cásanna ina gcuirtear pléadálacha i scríbhinn ina gceart agus tugtar isteach **freagairtí** freisin a thug an Chúirt agus a Clárlann ar **riachtanais áirithe**.

**Físchomhdháil**

I ndáil leis sin, déanann an Chúirt Ghinearálta foráil ina ndoiciméid maidir le leas a bhaint as **físchomhdháil le haghaidh na n-éisteachtaí**, trí chreat dlí agus teicniúil sa réimse sin a ghlacadh. Is léir go raibh an sásra sin ríthábhachtach chun leanúnachas i riar an cheartais a chinntiú le linn na géarchéime sláinte. Ní mór an t-iarratas ar úsáid físchomhdhála arna thaisceadh ag an ionadaí nach féidir leis páirt a ghlacadh san éisteacht i bpearsa a bhunú ar "chúiseanna sláinte, slándála nó cúiseanna tromchúiseacha eile" (Airteagal 107a de na Rialacha Nós Imeachta). Leagtar amach na coinníollacha teicniúla nach mór a chomhlíonadh chun freastal ar an éisteacht trí fhíschomhdháil sna Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm na Rialacha Nós Imeachta. Is é "Moltaí praiticiúla d'ionadaithe atá ag glacadh páirt sa chuid ó bhéal de na himeachtaí trí fhíschomhdháil" an doiciméad deireanach lena gcomhlánaítear an tsraith sin.

**Ríomhshíniú**

Ós mian léi córas ceartais nua-aimseartha agus éifeachtúil a chur chun cinn, tá breithiúnais agus orduithe na Cúirte Ginearálta á síniú go leictreonach aici ó Mhárta 2022 ar aghaidh. Sonraítear sna Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta na modhanna le haghaidh **ríomhshíniú cáilithe a**

1 Foilsíodh na leasuithe sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 14 Feabhra 2023 (IO 2023 L 44, lch. 8)

2 Foilsíodh na leasuithe sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 10 Márta 2023 (IO 2023 L 73; lch. 58).

**breitheanna** agus na rialacha maidir le stóráil bhuan agus shlán de leaganacha bunaidh leictreonacha na ndoiciméad sin.

**Bainistíocht réamhghníomhach**

Leis na leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta, tugtar féidearthachtaí nua don Chúirt atá ag teacht leis an riachtanas maidir le **bainistíocht réamhghníomhach na gcásanna** agus atá ar aon dul leis an réasúnaíocht a leagtar amach i dTuarascáil 2020 ón gCúirt Bhreithiúnais.

**Cás píolótach**

In Airteagal 71a de na Rialacha Nós Imeachta, leagtar síos an coincheap "**cás píolótach**". Sonraítear san Airteagal sin na cúinsí ina n-aithnítear cás amháin, i measc na gcásanna atá ar feitheamh lena n-ardaítear an cheist chéanna dlí, mar chás píolótach agus ina gcuirtear bac ar na cinn eile. Tugtar ráthaíochtaí nua: tabharfar tosaíocht don chás píolótach agus éistfear na páirtithe sna cásanna ar cuireadh bac orthu tar éis a gcásanna a atosú.

**Comhéisteacht**

Le hAirteagal 106a de na Rialacha Nós Imeachta, ligfear don Chúirt Ghinearálta **comhéisteachtaí** a eagrú le haghaidh roinnt cásanna i gcás ina bhfuil cosúlachtaí eatarthu, gan beann ar an gceist an gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh cásanna a uamadh.

**Cosaint sonraí**

Cuireann an Chúirt Ghinearálta san áireamh na forbairtí ar an reachtaíocht maidir le **cosaint sonraí pearsanta daoine nádúrtha** san Aontas Eorpach. Ina Rialacha Nós Imeachta, déantar idirdhealú soiléir anois idir próiseáil sonraí pearsanta daoine nádúrtha (Airteagal 66) agus próiseáil sonraí nach sonraí pearsanta iad (Airteagal 66a). San fhógra "Faisnéis a fhágáil ar lár ón doiciméad poiblí", luaitear gur gá iarratas a dhéanamh ar shonraí a fhágáil ar lár i ndoiciméad ar leith a luaithe a thaisctear an t-iarratas ionas nach bhfógrófar iad ar an idirlíon ar chéim luath.

**Doiciméid úsáideacha do na páirtithe**

Ar deireadh, rinne an Chúirt Ghinearálta sraith doiciméad úsáideacha do na páirtithe a thabhairt chun dáta **(Aide-mémoire – an tIarratas, Teimpléad le haghaidh achoimre na saincheisteanna dlí agus na bpríomhargóintí arna ndéanamh san iarratas, Aide-mémoire - an Éisteacht, Fógra maidir le faisnéis a fhágáil ar lár ón doiciméad poiblí**). Dréachtaíodh doiciméid nua freisin chun cabhrú le hionadaithe na bpáirtithe lena n-ullmhúchán do na himeachtaí (cuireadh ar fáil **teimpléid shamplacha d'iarratais**) agus chun treoir a thabhairt dóibh nuair a thugtar cead dóibh pléadáil trí fhíschomhdháil (**Moltaí praiticiúla d'ionadaithe atá ag glacadh páirt sa chuid ó bhéal de na himeachtaí trí fhíschomhdháil**).

Cuirtear ar fáil na Rialacha Nós Imeachta nua ar shuíomh Curia faoin rannán: An Chúirt Ghinearálta/Nós imeachta: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2_7040/.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 2524

Bígí nasctha!